# An Bille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Tréimhse Shocraithe le haghaidh Ré Dháil Éireann), 2015

# Thirty-fifth Amendment of the Constitution (Fixed Period for the Duration of Dáil Éireann) Bill 2015

*Mar a tionscnaíodh*

*As initiated*

[No. 93 of 2015]

THIRTY-FIFTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (FIXED PERIOD FOR THE DURATION OF DÁIL ÉIREANN) BILL 2015

*As initiated*

CONTENTS

Section

1. Amendment of Article 13 and 16 of the Constitution
2. Citation

SCHEDULE

PART 1

PART 2

[No. 93 of 2015]

**AN BILLE UM AN gCÚIGIÚ LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN mBUNREACHT (TRÉIMHSE SHOCRAITHE LE hAGHAIDH RÉ DHÁIL ÉIREANN), 2015**

*Mar a tionscnaíodh*

CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Airteagail 13 agus 16 den Bhunreacht a leasú
2. Lua

AN SCEIDEAL

CUID 1

CUID 2


[Uimh. 93 de 2015]

**THIRTY-FIFTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (FIXED PERIOD FOR THE DURATION OF DÁIL ÉIREANN) BILL 2015**

# Bill

*entitled*

An Act to amend the Constitution.

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend Articles 13 and 16 of the Constitution:

**Be it enacted by the Oireachtas as follows:**

**Amendment of Article 13 and 16 of the Constitution**

**1.** The following Articles of the Constitution are hereby amended as follows:

(a) in Article 13—

(i) section 2.1 of both the Irish text and the English text shall be repealed,

(ii) section 2.2 and 2.3 of both texts shall be numbered as section 2.1 and 2.2 respectively.

(b) in Article 16—

(i) section 3.1 of both the Irish text and the English text shall be repealed,

(ii) section 3.2 of both texts shall be numbered as section 3,

(iii) section 5 of both the Irish text and the English text shall be repealed,

(iv) the section, the text of which is set out in *Part 1* of the *Schedule* to this Act, shall be inserted before section 6 of the Irish text,

(v) the section, the text of which is set out in *Part 2* of the *Schedule* to this Act, shall be inserted before section 6 of the English text.

**AN BILLE UM AN gCÚIGIÚ LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN mBUNREACHT (TRÉIMHSE SHOCRAITHE LE hAGHAIDH RÉ DHÁIL ÉIREANN), 2015**

# Bille

*dá ngairtear*

Acht chun an Bunreacht a leasú.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe Airteagail 13 agus 16 den Bhunreacht a leasú:

**Achtaítear ag an Oireachtas ar an ábhar sin mar a leanas:**

**Airteagail 13 agus 16 den Bhunreacht a leasú**

**1.** Leasaítear leis seo mar a leanas na hAirteagail seo a leanas den Bhunreacht:

(a) in Airteagal 13—

(i) aisghairfear alt 2.1 den téacs Gaeilge agus den téacs Sacs-Bhéarla araon,

(ii) uimhreofar alt 2.2 agus 2.3 den dá théacs mar alt 2.1 agus 2.2 faoi seach.

(b) in Airteagal 16—

(i) aisghairfear alt 3.1 den téacs Gaeilge agus den téacs Sacs-Bhéarla araon,

(ii) uimhreofar alt 3.2 den dá théacs mar alt 3,

(iii) aisghairfear alt 5 den téacs Gaeilge agus den téacs Sacs-Bhéarla araon,

(iv) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo isteach roimh alt 6 den téacs Gaeilge,

(v) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo isteach roimh alt 6 den téacs Sacs-Bhéarla.

**Citation**

**2.** (1) The amendments of the Constitution effected by this Act shall be collectively known as, and may for all purposes be collectively referred to as, the Thirty-fifth Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Thirty-fifth Amendment of the Constitution (Fixed Period for the Duration of Dáil Éireann) Act 2015.

**Lua**

**2.** (1) An Cúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht a thabharfar ar na leasuithe le chéile a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo agus is cead, chun gach críche, an t-ainm sin a ghairm de na leasuithe sin le chéile.

(2) Féadfar an tAcht um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Tréimhse Shocraithe le haghaidh Ré Dháil Éireann), 2015 a ghairm den Acht seo.

SCHEDULE

PART 1

5° Beidh Dáil Éireann arna lánscor cúig bliana ó lá a céad-tionóil agus ní foláir don Uachtarán í a thionól tar éis olltoghcháin taobh istigh den tréimhse a shocraítear le halt 4.2 den Airteagal seo: ar choinníoll go dtig le Taoiseach lánscor na Dála a chur roimhe agus an tUachtarán a chomhairliú uime sin nuair nach leanann tromlach i nDáil Éireann de bheith i dtacaíocht leis mar a shocraítear le hAirteagal 13 den Bhunreacht seo.

PART 2

5° Dáil Éireann shall stand dissolved five years from the date of its first meeting and shall be summoned by the President to meet after a general election within the period as provided by section 4.2 of this Article: provided that a Taoiseach may seek the dissolution of the Dáil and advise the President accordingly when he has ceased to retain the support of a majority in Dáil Éireann as provided by Article 13 of this Constitution.

## AN SCEIDEAL

### CUID 1

5° Beidh Dáil Éireann arna lánscor cúig bliana ó lá a céad-tionóil agus ní foláir don Uachtarán í a thionól tar éis olltoghcháin taobh istigh den tréimhse a shocraítear le halt 4.2 den Airteagal seo: ar choinníoll go dtig le Taoiseach lánscor na Dála a chur roimhe agus an tUachtarán a chomhairliú uime sin nuair nach leanann tromlach i nDáil Éireann de bheith i dtacaíocht leis mar a shocraítear le hAirteagal 13 den Bhunreacht seo.

### CUID 2

5° Dáil Éireann shall stand dissolved five years from the date of its first meeting and shall be summoned by the President to meet after a general election within the period as provided by section 4.2 of this Article: provided that a Taoiseach may seek the dissolution of the Dáil and advise the President accordingly when he has ceased to retain the support of a majority in Dáil Éireann as provided by Article 13 of this Constitution.

Thirty-fifth Amendment of the Constitution (Fixed Period for the Duration of Dáil Éireann) Bill 2015

# BILL

*(as initiated)*

*entitled*

An Act to amend the Constitution.

*Introduced by Deputy Shane Ross,*

14*th October,* 2015

An Bille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Tréimhse Shocraithe le haghaidh Ré Dháil Éireann), 2015

# BILLE

*(mar a tionscnaíodh)*

*dá ngairtear*

Acht chun an Bunreacht a leasú.

*An Teachta Seán de Rossa a thug isteach,*

14 *Deireadh Fómhair,* 2015

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27

978-1-4468-3208-0

Wt. 73932. 614. 10/15. Essentra. (54905). Gr.30-15.